

Staitisticí An Roinn Oideachais agus Scileanna Bloc 2 Sráid Mhaoilbhríde Baile Átha Cliath 1		Statistics Department of Education and Skills Block 2 Marlborough Street Dublin 1
--	---	---

Dáta: 07/06/2016

Uimhir Ciorcláin: 0038/2016

Bunachar Sonraí ar Líne do Bhunscoileanna (POD)

Chuig: Boird Bainistíochta agus Príomhoidí na Scoileanna Speisialta

Réamhrá

Sa chiorclán seo cuirtear eolas forlíontach faoin POD ar fáil agus tugtar Cuid 4 den Chiorclán Scoile Speisialta 50/2015 suas chun dáta. Tá na codanna eile den Chiorclán 50/2015 fós i bhfeidhm

1. *Dul Chun Cinn don bhliain acadúil 2016/2017*

Cuirtear in iúl do scoileanna go mbeidh an modúl Dul Chun Cinn oscailte faoi dheireadh mhí an Mheithimh agus go bhfanfaidh sé oscailte go dtí an 31^ú Deireadh Fómhair 2016. Ní mór do scoileanna dul chun cinn a dhéanamh ar a scoláirí ón mbliain acadúil 2015/2016 go dtí an bhliain acadúil 2016/2017 agus **ansin amháin** a n-iontrálaithe nua a chur isteach don bhliain acadúil 2016/2017. Cuirfear miontreoracha ar an bpróiseas seo ar ríomhphost chuig scoileanna agus beidh siad ar fáil freisin ar shuíomh gréasáin na Roinne. Cuirtear i gcuimhne do scoileanna go bhfuil lámhleabhair oiliúna agus físeáin leis na treoracha ar fáil ar an suíomh gréasáin freisin.

2. *Tuairisceáin Bhliantúla an Mhóráirimh*

Mar a leagadh amach cheana, ón 2016/2017 ar aghaidh, beidh na comhairimh rollaithe ar an POD mar an bunús d'íocaíochtaí caipitíochta. Beidh an próiseas um thuairisceáin Bhliantúla an Mhóráirimh, a léiríonn líon na ndaltaí atá ar an rolla amhail ar an 30^ú Meán Fómhair, déanta anois tríd an POD. Tá sé ríthábhachtach go bhfuil dul chun cinn déanta ag scoileanna chuig an mbliain acadúil 2016/2017 sula gcuireann siad isteach a dtuairisceán bliantúil Mhóráirimh tríd an POD. Ní mór don phróiseas um thuairisceáin an Mhóráirimh a bheith curtha i gcrích faoin 30^ú Deireadh Fómhair. Cuirfear miontreoracha faoin bpróiseas seo ar ríomhphost chuig scoileanna agus beidh siad ar fáil freisin ar shuíomh gréasáin na Roinne. Beidh lámhleabhair oiliúna agus físeáin leis na treoracha ar fáil ar an suíomh gréasáin freisin.

3. *Riachtanais do scoileanna lena chinntiú go ndéantar gach dalta a chomhaireamh ar an POD chun críche caipitíochta*

Ós rud é go mbeidh na comhairimh rollaithe ar an POD mar an bunús d'íocaíochtaí caipitíochta, tá sé ríthábhachtach go mbíonn taifead ar an POD do gach dalta atá ar an rolla sa scoil. Is iad seo a leanas na socruithe a bheidh i bhfeidhm maidir leis an POD a líonadh isteach don bhliain acadúil 2016/2017 ar aghaidh:

- 1) Ó thaobh rolluithe nua i scoileanna speisialta ó 2016/2017 ar aghaidh, ní mór do scoileanna a chinntiú go bhfuil tuismitheoirí/caomhnóirí ar an eolas go hiomlán maidir leis an dualgas atá ar scoileanna soláthar sonraí a aistriú ar aghaidh go dtí an POD agus gur chóir go mbeadh tuismitheoirí/caomhnóirí go hiomlán ar an eolas go bhfuil sonraí a linbh á dtabhairt chun na críche seo, chomh maith leis na sonraí a chur ar fáil chun críche riaracháin áitiúil na scoile. Ba chóir go gcuirfeadh scoileanna é seo san áireamh agus daltaí nua á gcur ar an rolla ina scoil amach anseo.
- 2) Tá an Roinn sásta go bhfuil bunús dlí soiléir ann le sonraí a aistriú ar aghaidh ó scoileanna go dtí an POD. Tuigeann an Roinn, in ainneoin é seo, go bhféadfadh mionlach beag tuismitheoirí/caomhnóirí ábhair imní a léiriú maidir leis na sonraí atá á gcur ar fáil acu don scoil atá á n-aistriú ar aghaidh chuig an POD. San Fhógra um Próiseáil Chóir tá eolas maidir leis an gcuspóir, bunús dlí le sonraí a bhailiú agus polasaí coinneála na sonraí, agus iarrtar ar scoileanna tuismitheoirí/caomhnóirí a chur ar an eolas go bhfuil an t-eolas seo ar fáil anois ar shuíomh gréasáin na Roinne

Tá an Roinn sásta go gcuirfidh an t-eolas san Fhógra um Próiseáil Chóir soiléireacht agus athdhearbhú ar fáil d'aon tuismitheoirí a mbeadh ábhair imní acu. Ach, i líon beag cásanna, in ainneoin gach iarracht a bheith déanta ag scoileanna agus na soiléirithe a bheith curtha ar fáil ag an Roinn, áit a mbíonn tuismitheoir/caomhnóir an dalta fós go han-láidir i gcoinne sonraí a chur ar aghaidh chuig an POD, aithníonn an Roinn nach mór socrú praiticiúil a dhéanamh lena chinntiú nach gcuirtear isteach go dochrach ar scoileanna agus gur féidir taifead a dhéanamh do gach dalta ar an POD. Dá bhrí sin, is iad seo a leanas na socruithe a bheidh i bhfeidhm do na cásanna seo:

- a. Caithfidh tuismitheoirí/caomhnóirí a bhíonn fós i gcoinne sonraí a sholáthar le cur ar aghaidh chuig an POD a gcuid agóidí a chur i scríbhinn chuig an scoil le go ndéanfaí de réir a dtola. Tabhair faoi deara **nach** leor agóidí ó bhéal i dtaca leis seo, toisc go n-éileoidh an Roinn ar scoileanna taifid d'agóidí i scríbhinn a choinneáil. Ba chóir gach deis a thabhairt do thuismitheoirí/caomhnóirí a dhéanann agóid a gcuid agóidí a chur ar fáil i scríbhinn don scoil.*
- b. Is féidir le scoileanna a fhaigheann litir ó thuismitheoir/caomhnóir ina leagann siad amach a gcuid agóidí maidir le soláthar sonraí a chur ar aghaidh chuig an POD taifead páirteach a chruthú don dalta sin ar an POD, ag baint úsáide as na treoirlínte atá ar fáil ach iad a iarraidh ó Dheasc Chabhrach an POD. Cinntear leis seo go gcruthaítear taifead don dalta a dhéanfar a chomhaireamh chun críche caipitíochta. Sna cásanna seo, beidh ar scoileanna litir chomhfhreagrais a bheith acu ó thuismitheoir/caomhnóir an dalta sin atá ag cur i gcoinne aistriú sonraí áirithe atá ar fáil ar comhad sa scoil. Ní mór do na taifid seo a bheith ar fáil le cigireacht a dhéanamh orthu ar iarratas ó Chigireacht na Roinne amach anseo

5. **Aistriú sonraí daltaí rang a sé chuig iarbhunscoileanna**

Tá scrúdú á dhéanamh air seo don todhchaí agus níl sé ar fáil faoi láthair.

6. **Éirchód**

I gcomhréir le polasaí an Rialtais, tá úsáid na nÉirchód á cur chun cinn ag an Roinn Oideachais agus Scileanna. Ó mhí Mheán Fómhair 2016 ar aghaidh, beidh réimse don Éirchód san áireamh sa POD mar chuid den eolas faoin seoladh. Iarrann an Roinn, i gcásanna a bhfuil Éirchód dalta ag scoileanna, go gcuireann siad é seo isteach mar chuid den eolas faoin seoladh.

7. Catagóir Caipitíochta

Cuirtear i gcuimhne do scoileanna go mbaintear úsáid as an athróg na Catagóire Caipitíochta a bhailítear chun an ráta cuí caipitíochta a íoc le do scoil i leith gach dalta. Tá trí chatagóir a fhreagraíonn do thrí ráta íocaíochta faoi leith (nó dhá chatagóir do leanaí atá 12 bhliain déag d'aois nó os a chionn). Níl aon athrú sna rátaí seo i gcomparáid leis na cinn atá leagtha amach i gCiorclán 50/2015.

8. Deasc Chabhrach an POD

Cuirtear i gcuimhne do scoileanna go bhfuil deasc chabhrach an POD ar fáil ón Luan go dtí an Aoine ó 8.30 to 5.00. Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an deasc chabhrach trí ríomhphost a chur chuig pod@education.gov.ie nó trí ghlaoch a chur ar 01-8892311.

Arna shíniú:

Diarmuid Reidy, Staitisteoir Sinsearach, Rannóg na Staitisticí, An Roinn Oideachais agus Scileanna.

Teagmhálaithe

Teileafón: 01-8892311 R-phost: POD@education.gov.ie	Facs: 01-8896419 Gréasán: http://www.education.gov.ie
--	--

****Tabhair faoi deara, le do thoil, go raibh alt 2(a) leasaithe ar 11 Iúil 2016***